



An Triantán Santach

Céim	Snáithe	Snáithaonad
2	Cruth & Spás	Cruth

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann scrúdú a dhéanamh ar chruthanna 3-T agus 2-T, iad a rangú agus a shamhaltú.	- Déanann finte cruthanna cur síos ar chatagóirí na gcruthanna ag a bhfuil airíonna comhchoiteanna. - In amanna bíonn cuma réasúnta difriúil ar chruthanna atá mar chuid den fhine chéanna, nó bíonn réimse cruthanna laistigh díobh. - Is féidir cruthanna 3-T agus 2-T a dhealú, a aimsiú nó a rangú nó de réir a n-airíonna.

Matamaitic á Fhoghlaim

San eispéireas foghlama seo baintear úsáid as an scéal 'An Triantán Santach'¹, mar spreagadh chun polagáin agus a n-airíonna a fhiosrú agus cur síos a dhéanamh orthu. Buaileann foghlaimeoirí le triantán atá dúdóite agus míshásta lena shaol agus cinneann sé, le cabhair ón Ilchruthach, féiniúlachtaí nua a ghlacadh chuige féin, trí líon a chuid taobhanna agus uillinneacha a athrú. Le linn an eispéiris foghlama, déanann foghlaimeoirí cruthanna 2T a shórtáil agus a rangú, airíonna a iniúchadh le mála mothúcháin, polagáin rialta agus neamhrialta a thógáil agus téann siad i ngleic le 'Cuardach Cruthanna, sula samhlóidh siad agus sula gcosnóidh siad a n-ionchur sa ghas abairte 'Dá bhféadfainn a bheith i mo chruth, bheinn i mo ...'

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna
<i>An foghlaimeoir</i>			
Nascann daltaí foghlaim nua le réamheolas ar chruth trí chruthanna 2T a shórtáil agus a aicmiú de réir a n-airíonna geoiméadracha.	Foghlaimíonn, úsáideann agus cuireann siad i bhfeidhm teanga mhatamaiticiúil an chrutha, agus iad ag iniúchadh le mála mothúcháin líon na dtaobhanna agus na n-uillinneacha a bhíonn ag polagáin.	Áitíonn agus cosnaíonn siad a gcuid smaointeoireachta agus iad ag plé le ceist na samhlaíochta 'Dá bhféadfainn a bheith i mo chruth, bheinn i mo...'	Scrúdaíonn agus fiosraíonn siad bealaí chun fadhbanna a réiteach, agus iad ag iniúchadh tógáil iliomad polagáin rialta agus neamhrialta ón scéal.



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Tabhair comhthéacsanna saibhre fiúntacha don fhoghlaím mhatamaiticiúil tríd an scéal.	Spreag modhanna éagsúla chun cruthanna 2T (polagáin) a chur in iúl agus a léiriú ag baint úsáid as ábhair éagsúla, m.sh. bataí líreacáin, sífíní, cipíní, Blu.Tack, srl.
Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil Spreag indibhidiúlacht, rogha agus neamhspleáchas sna foghlaimeoirí chun polagáin éagsúla a léiriú (geochláir, pionnaí agus peigchláir, sífíní srl.).	
Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid	Comhrá Mata a Chur Chun Cinn
Tabhair deiseanna d'foghlaimeoirí a n-eispéiris a roinnt agus a mheas le chéile a fuair siad ó bheith ag obair le polagáin.	Cabhraigh leis na foghlaimeoirí a rogha crutha a chur i láthair, a áiteamh agus a chosaint ag úsáid ghas na habairte 'Dá bhféadfainn a bheith i mo chruth, bheinn i mo ...' chun an t-eolas atá acu cheana féin ar chruth a bheachtú, a dhaingniú agus a fhorbairt.
Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic	
An féidir leis an bhfoghlaimeoir polagáin éagsúla a aithint? An gceanglaíonn an foghlaimeoir cruthanna leis an saol fíor agus an aithníonn siad cruthanna sa timpeallacht? An féidir leis an bhfoghlaimeoir samhlacha de pholagáin éagsúla a chruthú ag baint úsáid as láimhseoga coincréite éagsúla?	
Foinse	
Curtha in oiriúint ó: The Greedy Triangle (education.govt.nz)	

¹ <https://www.youtube.com/watch?v=kPul4XyyZUE>